C/2024/1802

23.2.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(C/2024/1802)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl do FAZLI Ali (uimh.4), MOTLAGH Bahram Hosseini (uimh.8), RADAN Ahmad-Reza (uimh.10), TAEB Hossein (uimh.13), , JOKAR Mohammad Saleh (uimh.45), SALARKIA Mahmoud (uimh.51), JAFARI Asadollah (uimh. 83) MUSAVI-TABAR Seyyed Reza (uimh.86), ZIAEI Gholamreza (uimh.93), SHAHVARPOUR Hassan (uimh.94), KOCHZAEI Ebrahim (dá ngairtear freisin KOCHZAI Ebrahim, KOUCHAKZAEI Ebrahim) (uimh.117), TAHERI Ahmad (uimh.118), SOURI Majid (uimh. 144), KARIMI Mohsen (uimh. 145), HEYDARNIA Alireza (uimh. 146), SAJJADI Seyed Hamid Hazaveh (uimh.156), NIKVARZ Mohsen (uimh.224)

daoine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite, bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, roimh an 1 Márta 2024, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Secrétariat général
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Maidir le barúlacha a gheofar roimh an 15 Márta 2024, cuirfear san áireamh iad chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/235/CBES agus le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
([2]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.